Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Dréacht Fodhlíthe Tránna 2022

# Comhairle Chontae na Gaillimhe

# Fodhlíthe Trá 2022

Déanann **Comhairle Chontae na Gaillimhe** (dá ngairtear "an Chomhairle" anseo feasta) i bhfeidhmiú a cumhachta faoi Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus gach cumhacht eile chuige sin a chumasaíonn sí leis seo na Fodhlíthe seo a leanas.

## CUID 1: RÉAMHRÁ

### Gearrtheideal

**1.** Tabharfar Fodhlíthe Trá Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2022 ar na Fodhlíthe seo.

### Réimse Feidhme

**2.** Beidh feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir leis na tránna a shonraítear sna Sceidil agus sna Léarscáileanna a ghabhann leis na Fodhlíthe seo, gan bóithre poiblí agus carrchlóis phoiblí ag na láithreacha seo a áireamh.

### Tosach Feidhme

**3.** Tiocfaidh na Fodhlíthe seo i bhfeidhm ar an…..

Tá Fodhlíthe Trá Chomhairle Chontae na Gaillimhe, 1997, a rinneadh ar 28/04/1997, cúlghairthe le héifeacht ó…….

### Léiriú

**4.** Sna Fodhlíthe seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas::

Ciallaíonn "An Chomhairle" Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Ciallaíonn "toiliú na Comhairle" cead i scríbhinn ó dhuine údaraithe.

Ciallaíonn "Ceadúnas" ceadúnas trádála arna cheadú i scríbhinn ag an gcomhairle.

Ciallaíonn "an tAcht" an tAcht Rialtais Áitiúil 2001.

Ciallaíonn "Duine Údaraithe" aon duine, lena n-áirítear aon fhostaí de chuid na Comhairle, atá ainmnithe i scríbhinn ag an gComhairle agus ag an nGarda Síochána chun críche na bhfodhlíthe seo.

Ciallaíonn "Trá" an t-urthrá agus gach trá, bruach, aill, dumhcha, gach carnadh nádúrtha gainimh agus/nó clocha agus/nó scaineagáin agus gach limistéar tadhlach leis atá faoi rialú agus faoi bhainistíocht na Comhairle, mar aon le huiscí an urthrá ar feadh achar 300 méadar chun na farraige ón marc uisce íseal.

Ciallaíonn "Madra Cuidithe" madra atá oilte go sonrach chun cabhrú le duine faoi mhíchumas.

Ciallaíonn “Beárbaiciú” gléas a úsáidtear le haghaidh cócaireachta faoin aer.

Ciallaíonn “Trá le Brat Gorm” trá, nó cuid den trá, ar bhronn an Fhondúireacht um Oideachas Comhshaoil (FOC) stádas Brat Gorm uirthi.

ciallaíonn “Urthrá” grinneall agus cladach, faoi bhun líne arduisce gnáth-taoide nó meántaoide na farraige agus gach abhainn taoide agus inbhear taoide agus gach cainéal, góilín, agus bá na farraige nó aon abhainn den sórt sin nó inbhear.

Ciallaíonn “Gléas Uisce Inséidte” aon ghléas, lena n-áirítear bréagán uisce inséidte, gur féidir a theannadh agus a bheartaítear a úsáid in uisce éadomhain agus/nó linn snámha agus atá in ann duine a iompar nó a thacú in uisce, ach nach áirítear cadhcanna inséidte agus cláir sheasta inséidte atá oiriúnach le húsáid in uiscí cladaigh agus cósta

Áirítear le “I Scríbhinn” trí ríomhphost nó modhanna leictreonacha eile dá leithéid chun cumarsáid scríofa a dhéanamh

Áirítear le “capall” capaillín, asal agus miúil

Ciallaíonn “Clár Eitleoige” clár a úsáidtear le haghaidh tonnmharcaíochta le cúnamh eitleoige a ligean don oibritheoir seoladh ar feadh na dtonnta chomh maith le síos orthu.

Ciallaíonn “Núis” cur isteach míréasúnta ar aon duine nó crá d’aon duine i bhfeidhmiú a c(h)earta

Ciallaíonn “Feithicil Uile-Thalún” aon fheithicil inneallghluaiste nó rothar cos atá deartha, oiriúnaithe nó a úsáidtear go heisiach nó go príomha le haghaidh taistil easbhóthair, lena n-áirítear bugaí trá, cuadrothair mheicniúla agus rothair streachailte.

Ciallaíonn “thar oíche” idir na huaireanta 21.00 agus 09.00 ó Luan go Domhnach

Tá an bhrí chéanna le “Cead” agus “Toiliú na Comhairle”

Ciallaíonn “mear-árthach cumhachta” árthach pléisiúir (seachas árthach uisce pearsanta) a bhfuil a príomh-mhodh tiomána díorthaithe ó fhoinse cumhachta meicniúla agus a shroicheann nó a fhéadfaidh luas a bhaint amach tríd an uisce nó os a chionn arb ionann é agus 17 muirmhíle nó ar mó é ná sin, cibé acu atá nó nach bhfuil ag gabháil do tharraingt fearais eile, agus folaíonn sé árthaí is féidir a thiomáint ar thalamh chomh maith le ar uisce.

Ciallaíonn “Árthach Pearsanta” árthach níos lú ná 4 mhéadar ar fad a úsáideann inneall dócháin inmheánaigh a bhfuil scairdchaidéal uisce mar phríomhfhoinse tiomána aici, agus atá deartha le bheith á oibriú ag duine nó daoine atá ina suí, ina sheasamh nó ar a nglúine, seachas laistigh de theorainneacha cabhlach.

Ciallaíonn “árthach cumhachta” árthach pléisiúir, a bhfuil a príomh-mhodh tiomána díorthaithe ó fhoinse cumhachta meicniúla a ghnóthaíonn nó a fhéadfaidh luas a bhaint amach tríd an uisce nó os a chionn, nach mó ná 17 muirmhíle, cibé acu atá nó nach bhfuil ag tarraingt fearais eile.

Ciallaíonn “Clár Seolta” clár a bhfuil seol ceangailte air a ligean don oibritheoir seoladh feadh tonnta chomh maith le síos orthu

Ciallaíonn “Séasúr an tSamhraidh” an tréimhse ón 1 Meitheamh go dtí an 15 Meán Fómhair gach bliain

Ciallaíonn “Clár Surfála” clár a úsáidtear le tonnmharcaíocht a úsáid mar mhodh tiomána

Áirítear le “snámh” ar snámh, lapadáil, iascaireacht nó bheith san fharraige ar shlí eile chun críche fóillíochta

Áirítear le “Gníomhaíochtaí Spórt Uisce” spóirt nó gníomhaíochtaí a dhéantar in uisce nó in aice uisce ach gan a bheith teoranta do, snámh, tonnmharcaíocht, cadhcáil, seaschéaslóireacht agus sciáil uisce

Áirítear le “ranganna aclaíochta” gníomhaíochtaí ach gan a bheith teoranta do ranganna aclaíochta grúpa a dhéantar ar an trá lena n-áirítear aeróbaic, campa aclaíochta, traenáil eatramhach ard-déine (HIIT), ióga agus pilates.

## CUID 2: NA GNÍOMHARTHA TOIRMISCTHE

Ní dhéanfaidh aon duine ná ní chuirfidh sé faoi deara aon cheann de na gníomhartha seo a leanas ar na tránna atá liostaithe i Sceideal a haon:

(a) Bac, cuir cosc ar nó cur isteach ar dhuine údaraithe nó ar chomhalta den Gharda Síochána agus foráil na bhFodhlíthe seo á gcur i bhfeidhm aige.

(b) Teip cloí go hiomlán le haon treoir nó ordú ó Sheirbhís Garda Tarrthála Chomhairle Chontae na Gaillimhe

(c) Bac nó cur isteach ar aon seirbhísí garda tarrthála a d’fhéadfaí a sholáthar ag trá

(d) Cur isteach ar nó damáiste a dhéanamh d’aon bhaoithe tarrthála, trealamh tarrthála, stáisiún garda tarrthála, áis phoiblí, dumhcha, fásra nó aon trealamh, struchtúr, saoráid, pláta eolais, clár fógraí, comhartha, cuaille bratach, gabhdán bruscair, nó aon ní a chuirtear ar fáil ag an gComhairle nó ag aon duine nó comhlacht údaraithe

(e) Tine oscailte a lasadh nó aon rud a dhéanamh a d’fhéadfadh damáiste a dhéanamh de bharr dóiteáin

(f) Damáiste a dhéanamh d’aon fhéar, dumhcha, plandaí, toir, ráille balla nó claí ar an trá nó feadh na trá

(g) Litreacha, figiúirí nó marcanna a phéinteáil, a scríobh, a ghearradh, a shnoigh nó a inscríobh ar aon shlí ar aon charraig, balla nó aon struchtúr

(h) Aon ithir, gaineamh, clocha nó ábhar dá samhail a chur ann nó a bhaint as

(i) Aon bhruscar nó aon mhír bruscair a chur ann mar atá sainmhínithe san Acht um Thruailliú ó Bhruscar 1997, arna leasú

(j) Núis a chothú nó gabháil d’iompar nó do ghníomhaíocht a d’fhéadfadh a bheith ina núis

(k) Núis nó contúirt a chothú do dhaoine ar an trá trí aon chluiche nó spórt a imirt ar dhóigh a d'fhéadfadh núis nó contúirt a chothú

(l) Aon mhótarfheithicil, mótarcharr, mótar-rothar, veain, leantóir, veain champála, carbhán, teach soghluaiste, feithicil easbhóthair, carráiste, trucail, vaigín, leoraí, feithicil uile tír-raoin, cuadrothar, nó feithicil inneallghluaiste eile a thiomáint, a thabhairt chun, a chur ar, a fhágáil air nó a pháirceáil ar an trá nó ar an gcóras dumhcha a bhaineann leis an trá cé is moite de limistéir ar Thránna nach bhfuil Brat Gorm acu mar atá leagtha amach ar an léarscáil a ghabhann leis seo.

(Ní bheidh feidhm ag an bhFodhlí seo maidir le feithiclí a oibrítear i gcúrsa dualgas na Comhairle, an Gharda Síochána, an tSeirbhís Otharcharranna Náisiúnta, Óglaigh na hÉireann, an tSeirbhís Chabhlaigh, Cosaint Shibhialta, an Garda Cósta, Custam agus Máil, na Coimisinéirí Ioncaim nó aon fheithicil atá i gceist i misin bona fide forfheidhmithe dlí, éigeandála nó tarrthála)

(m) Aon phuball, carbhán, veain champála nó áitribh shealadacha eile a champáil, a thógáil nó a chur in airde ar an trá, córas dumhcha a chomhghabhann leis an trá, ar bhóthar nó i gcarrchlós.

(n) Ach amháin de réir ceadúnais arna eisiúint ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, aon rud a chur ar an trá chun é a dhíol nó a fhruiliú, lena n-áirítear aon bhoth, seastán, stalla, bád lapadáin, bád, cadhc, canú, clár surfála, tonnmharcaíochta-sciála, clár seoil, aerthocht, seolta, trealamh, feithicil scairdscála nó árthaí uisce eile

(o) Ach amháin de réir ceadúnais arna eisiúint ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, aon chlár fógraíochta, plaiceard, earraí, marsantas nó ceol méadaithe a sheinm ar an trá, nó aon ócáid phoiblí, spóirt nó tráchtála a eagrú, a chur ar stáitse, nó a reáchtáil ar an trá.

(p) Idir na huaireanta 11rn agus 7in gach lá le linn shéasúr an tsamhraidh beidh sé toirmiscthe madra a thabhairt ar aon chuid de thrá mar atá leagtha amach, ach amháin aon chosán nó cosán ainmnithe laistigh de limistéar intíre na trá.

Roimh 11rn agus tar éis 7in gach lá le linn shéasúr an tsamhraidh is féidir madra a thabhairt ar an trá ar an gcoinníoll go mbíonn sé i gcónaí ar iall, nach bhfuil sé ag cruthú crá, contúirte nó núis d'aon duine a úsáideann an trá nó ag cur isteach ar, ag leanúint, ag gortú nó ag cur as d'aon ainmhí, éan nó créatúir eile ar an trá, agus go ndéanfar a fhaecas a phiocadh suas agus a chur i ngabhdán oiriúnach.

(Níl feidhm ag an bhFodhlí seo maidir le madraí treorach, madraí cúnaimh, madraí arna gcoimeád ag an nGarda Síochána agus atá faoi rialú comhalta den Gharda Síochána i bhfeidhmiú a dhualgais nó madraí arna gcoimeád ag an tSeirbhís Custaim agus Máil agus faoi rialú comhalta den tSeirbhís Chustaim agus Mháil i bhfeidhmiú a chuid dualgas)

(q) Capall a thabhairt nó a mharcaíocht, a nigh, a thiomáint nó a threorú ar an trá

(Níl feidhm ag an bhFodhlí seo maidir le capaill atá á gcoimeád ag an nGarda Síochána agus a úsáideann fostaí nó comhalta den Gharda Síochána go hiomlán agus iad ar dualgas nó le capaill nó capaillíní a thugtar ar aon trá de réir ceada nó formheasa eile arna dheonú ag an nGarda Síochána, An Chomhairle nó aon chomhlacht reachtúil eile atá údaraithe gníomhaíocht den sórt sin a cheadú).

(r) Ainmhithe a chur i dtalamh ar an trá

(s) Ní ceadmhach do dhuine ar bith clársheoltóireacht ná surfáil eitleoige ar chláir eitleoige ná surfáil ar chlár tonnmharcaíochta ná canú, cadhc, dingí, clár seaschéaslóireachta nó rothar uisce a úsáid i ngar do shnámhóirí.

Féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin, limistéir a ainmniú d'aon trá ina gcuirtear srian nó toirmeasc ar úsáid cláir tonnmharcaíochta agus/nó cláir eitleoige agus/nó cláir sheolta agus/nó canúnna agus cadhcanna agus/nó dingí agus/nó cláirsí seaschéaslóireachta agus/nó rothair uisce.

(t) Díol, soláthar nó tairiscint ar shlí eile le díol nó soláthar ar luaíocht airgid nó eile teagasc i ranganna aclaíochta, tonnmharcaíocht nó gníomhaíochtaí spóirt uisce eile ó thrá, nó ó limistéar tadhlach, mura bhfuil cead bailí faighte roimh ré ón gComhairle agus go ndéanfar an ghníomhaíocht de réir choinníollacha an cheada sin agus de réir na gcaighdeán arna sonrú ag Sábháilteacht Uisce Éireann, agus an creidiúnú/clárú riachtanach ó Chomhlachas Surfaíochta na hÉireann agus/nó comhlachta eile atá aitheanta ag an gComhairle chun caighdeáin den sórt sin agus/nó creidiúnú/clárú a eisiúint.

(u) Ní úsáidfidh duine ar bith gléas uisce inséidte, lena n-áirítear aon aerthocht inséidte nó bréagán uisce inséidte ar uisce oscailte

(v) Ar na tránna a shonraítear i sceideal a haon, ní úsáidfidh duine ar bith, ar mhaithe le sábháilteacht na snámhaithe, árthach uisce pearsanta, árthach cumhachta nó árthach mearchumhachta laistigh de 300m den mharc ísealuisce tráth úsáide, ach amháin do chuspóir tarrthála.

(w) Ní dhéanfaidh duine ar bith scannán nó scannánaíocht ar bhonn tráchtála ar thrá ach amháin i gcás ina gceadóidh an Chomhairle é agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha an toilithe sin.

## CUID 3: CEADÚNAIS/CEAD A DHEONÚ

(a) Féadfaidh an Chomhairle, dá rogha féin amháin, cead a dheonú faoi réir cibé coinníollacha is cuí leis an gComhairle, chun cuid nó codanna den trá a úsáid chun aon earra, tráchtearra nó rud ar bith a dhíol, a fhruiliú nó a thairiscint lena dhíol.

(b) Aon duine a dhéanfaidh iarratas chuig an gComhairle ar chead, déanfaidh sé nó sí an fhaisnéis a iarrtar san fhoirm iarratais mar aon le cibé faisnéis eile a iarrfaidh an Chomhairle a chur ar fáil chun críche na Comhairle a cumhachtaí agus a feidhmeanna a fheidhmiú faoi na fo-dlíthe seo.

(c) Ar cheadúnas a dheonú íocfaidh an t-iarratasóir táille €80 in aghaidh an mhéadair cearnaigh de thrá do shéasúr an tsamhraidh nó an chuid de a ndeonaítear an ceadúnas ina leith suas go huasmhéid íocaíochta de €300.

(d) Ní mheasfar ar aon bhealach go ndéanfaidh cead a dheonóidh an Chomhairle an Chomhairle, a hoifigigh nó a fostaithe nó a gníomhairí a chur in iúl ná a bheith bainteach le haon dliteanas nó freagracht i leith gnímh nó neamhghníomh choiriúil, neamhdhleathach, éagórach nó faillíoch arna dhéanamh ag aon duine nó daoine ar thug a seirbhísigh nó a ngníomhairí nó a bhfostaithe cead den sórt sin dóibh Ní mheasfar le

haon chead a dheonóidh an Chomhairle go mbeidh an Chomhairle, a hoifigigh nó fostaithe nó gníomhairí luaite le nó bainteach ar aon bhealach le haon dliteanas nó freagracht i leith gnímh nó neamhghnímh choiriúil, neamhdhleathach, mídhleathach, éagórach nó faillíoch nó aon arna dhéanamh ag aon duine, a seirbhísigh nó a ngníomhairí nó a bhfostaithe ar tugadh an cead sin dóibh.

(e) Féadfaidh an Chomhairle, trí fhógra i scríbhinn, téarmaí agus coinníollacha ceada eisithe a chúlghairm, a chur ar fionraí, a athrú, a leasú nó a theorannú.

(f) Féadfar cead a dheonú ar feadh cibé tréimhse a chinnfidh an Chomhairle

(g) Ní shaorfaidh cead arna dheonú ag an gComhairle aon duine nó daoine dár deonaíodh an cead sin dóibh ó fhreagracht ná ó dhliteanas pearsanta i leith aon ghníomh nó neamhghníomh coiriúil, neamhdhleathach, nó faillíoch a bhféadfaidh an duine nó na daoine sin a bheith inagartha nó cúisithe ina leith ag am ar bith.

(h) Coimeádann an Chomhairle an ceart diúltú d'aon iarratas. Féadfaidh iarratasóir achomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh na Comhairle trí scríobh chuig an Stiúrthóir Seirbhíse ábhartha laistigh de mhí amháin ón dáta ar diúltaíodh don iarratas.

## CUID 4: DUINE ÚDARAITHE AGUS CIONTA

(a) Féadfaidh duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána gníomh cuí a ghlacadh chun na Fodhlíthe seo a fhorghníomhú agus chun aon bheart eile a dhéanamh a mheasfar is gá chun na fodhlíthe seo a fhorghníomhú.

(b) Is féidir le duine údaraithe fíneálacha ar an láthair de €75.00 a eisiúint as sárú na bhfodhlíthe nó as sárú aon choinníollacha cead(anna) arna eisiúint faoi na fodhlíthe seo.

(c) Beidh aon duine a sháróidh aon fhoráil de na Fodhlíthe seo nó aon chead nó coinníollacha d'aon chead arna dheonú faoi na fodhlíthe seo, ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,904.60 a chur air nó uirthi.

(d) Má leantar de shárú ar fhoráil de na fodhlíthe seo tar éis é a chiontú, beidh an duine is cúis leis an sárú ciontach i gcion eile agus ar é nó í a chiontú go hachomair dlífear fíneáil nach mó ná €126.97 in aghaidh an lae a chur air nó uirthi.

(e) Féadfaidh duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána a iarraidh ar aon duine ar dealraitheach go bhfuil foráil de na Fodhlíthe seo á sárú nó sáraithe acu staonadh ón ngníomhaíocht sin agus féadfaidh sé nó sí aon duine a mhainneoidh sin a dhéanamh a thógáil as..

(f) Beidh aon duine a sháraíonn aon fhoráil de na Fodhlíthe seo nó a chuireann bac nó a dhiúltóidh déanamh de réir iarratais ó dhuine údaraithe nó ó chomhalta den Gharda Síochána arna dhéanamh le linn dó comhlíonadh forálacha na bhFodhlíthe seo a fhorghníomhú ciontach i gcion.

(g) I gcás ina bhfuil duine údaraithe nó comhalta den Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine lena mbaineann na Fodhlíthe seo, féadfaidh sé/sí ainm agus seoladh an duine sin a éileamh agus más rud é go ndiúltaítear don éileamh nó má thugann an duine ainm agus seoladh atá bréagach nó míthreorach beidh an duine sin ciontach i gcion. Más é tuairim Comhalta den Gharda Síochána go bhfuil cion lena mbaineann an t-alt seo á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh an comhalta sin an duine a ghabháil gan bharántas.

(h) Má iarrtar air nó uirthi, tabharfaidh duine údaraithe faoi na fodhlíthe seo fianaise ar a c(h)eapachán mar dhuine údaraithe chun críche na bhfodhlíthe.

## CUID 5: EILE

(a) Ní dhéanfaidh aon ní atá in aon fhoráil de na fodhlíthe sin roimhe seo nó a dhéanfar faoi aon fhoráil de na fodhlíthe sin roimhe seo dochar nó éifeacht díobhálach do chearta agus leasanna an Stáit ar an urthrá.

(b) Beidh feidhm ag fodhlíthe trá maidir le limistéir shnámha ainmnithe eile agus limistéir trá nua Brat Gorm de réir mar a thagann an t-ainmniú chun cinn.

## Sceideal a hAon - Tránna

### CB Chonamara

- Trá na bhForbacha, Baile na hAbhann
- Trá na mBan, An Spidéal
- Céibh an Spidéil
- Trá Mhór, An Spidéal
- Trá an Dóilín, An Cheathrú Rua
- Trá ag Cill Mhuirbhigh, Inis Mór, Oileán Árainn
- Trá ag Inis Oírr, Inis Oírr, Oileán Árainn
- Trá ag Bearna, Rinn na Mara
- Trá Fhoirnise, Leitir Mealláin
- Trá ar an gClochán i mbaile fearainn Diméin an Chlocháin
- Trá Ghoirtín, Cloch na Rón
- Trá Chuan an Mhada, Cloch na Rón
- Trá Chaladh Mhaínse, Aird Mhóir i mbaile fearainn Chaladh Mhaínse
- Trá Iomaí i mbailte fearainn an Chladaigh Dhuibh, na bPaistí, an Cartúr Beag agus An Stoirraicín
- Trá Ros an Duilisc, An Cloigeann i mbaile fearainn Ros an Duilisc
- Trá an Chloiginn, An Cloigeann i mbaile fearainn An Triain
- An Trá Bhán, Rinn Mhaoile i mbaile fearainn na Tulaigh Bhig
- Trá na mBan, Goirtín, Rinn Mhaoile i mbaile fearainn Thulaigh Mhór
- Trá Leitir Geise, Rinn Mhaoile i mbailte fearainn Leitir Geise Thiar agus Leitir Geis Thoir
- Trá Glasoileán, Rinn Mhaoile i mbaile fearainn Ghlasoileán
- Trá Bhun Eoghain, Baile Chonaola

**CB Baile Locha Riach-Gort**

- Trá Thráchta, Cinn Mhara i mbaile fearainn Dhúrois
- Long Point ag Baile Locha Riach
- Port Omna

**Déanta agus Glactha faoi Shéala Oifigiúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

**Arna dhátú an____________________________________**

**Lá seo de________________________________________, 2022**

**I láthair nuair a greamaíodh Comhshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe de seo:**

_______________________________

**Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe**